

Reporting Garda's Name:

Shoulder Number _____

Station _____

Unit _____

Crime Reported _____

Local Garda Victim Service Office (GVSO), Phone Number & Email

PULSE Incident Number (if available)

Garda Síochána
Victim Information
Leaflet

Victim Rights

When you are a victim of crime you are entitled to receive information, support and protection from all State Agencies in the Criminal Justice System.

What do I need to do?

Whenever you report a crime to An Garda Síochána, whether you are a victim or a witness, we will ask you to:

- Provide as much information as you can about the offence;
- Tell us if you have any concerns about your (or your family's) safety, so we can give you appropriate advice;
- Provide your contact details. This will allow us to update you with the progress of the investigation;
- Update us with any other changes - you may have noticed further losses or damage since you first reported the offence, or you may be suffering further effects from an injury caused by the crime or if your contact details have changed.

For a comprehensive look at the process why not check out our FAQ section @

www.garda.ie

If you are a victim of a crime we will:

- **respond to your report by** investigating your complaint;
- **give you the name, telephone number and station** of the investigating Garda **and the PULSE incident number** - this is a number given to your incident so that we can quickly find the details of your case;
- **inform** you, upon request, about criminal proceedings as a result of your complaint and that you can receive information of any decision not to proceed with or to end an investigation or to prosecute the offender. This will include the time and place of the trial and the nature of the charges against the offender;
- **inform** you, upon request, about criminal proceedings as a result of your complaint and that you can receive information on any final judgment in a trial and information enabling you to know about the state of the criminal proceedings, unless if, in exceptional cases, the proper handling

of the case may be adversely affected by such notification;

- **offer you the opportunity** to be notified, without unnecessary delay, when the person remanded in custody, prosecuted or sentenced for criminal offences is released from or has escaped detention;
- **tell you, in writing, about the Crime Victims Helpline** and the other services available for victims of crime or a traumatic incident. You can access a wide range of support services through this helpline. The helpline is run by volunteers and it is independent of An Garda Síochána, the free phone telephone number is **116 006**.

We will show special sensitivity in relation to sexual offences:

- If you request it, we will provide a Garda of the same gender as far as practicable;
- A doctor of the same gender will be used but there may be occasions when this may not be always possible;
- We will give you details about any support organisations for victims of sexual offences.

Child Victims - All children who come into contact with members of An Garda Síochána will be treated with dignity, regardless of the nature of that contact. Where necessary you will be referred to TUSLA in accordance with 'Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children'.

Families of murder victims or victims of other unlawful killing - A Garda Family Liaison Officer (FLO) will be assigned to you with the responsibility of liaison during the investigation. The Garda FLO will provide the timely and accurate information on the progress of the Garda investigation. They will also provide contact details of victim support organisations which are available to support you.

Victims of domestic abuse - In cases of domestic abuse we have a pro-arrest policy, where a power of arrest exists to protect spouses or partners and your family. We will advise you about what protection measures you can apply for from the courts as well as about and victim support services.

Protection - If you, or others close to you, are harassed or threatened in any way during an investigation or court appearance, you should contact Gardaí immediately.

Older people - If you are an older person who has been a victim of crime we will continue to take all reasonable steps to protect and reassure you. We will also offer you advice about home security and your safety in the community.

Specific Needs - If you have any form of disability we will take your specific needs or requirements into account. Please let any Garda know if there is any particular need or support that you consider necessary to assist An Garda Síochána in delivering a policing service to you.

Lesbian, gay, bisexual and transgender communities - Where appropriate we will also advise you of the services of the Gay Liaison Officers within An Garda Síochána.

Racist incidents - If you are a victim of a racist incident we will advise you of the services of the Garda Ethnic Liaison Officer in your area.

Don't Speak English? – We have a translation service for you:

Interpreters engaged by An Garda Síochána are not employees but independent individuals.

We will provide a translation service so that you will receive the same quality of service as far as possible as any victim of crime.

The Commission for the Support of Victims of Crime (www.csvc.ie) supports organisations that provide a number of services to victims of crime. These organisations support victims of domestic abuse, sexual violence, human trafficking, as well as tourist victims of crime, child victims, families of victims who are killed and victims of general crime. The services of these organisations include:

- accompanying the victim to court;
- giving information;

- giving access to helplines; and
- offering emotional support and counselling.

As well as the dedicated help of voluntary organisations, victims of crime need a range of facilities and support from State agencies in the criminal justice area. A big concern for victims is being kept informed about the progress of crime investigations, prosecution procedures, court processes, decisions and issues about prison and probation.

If you are a visitor to Ireland, and you are the victim of a crime, you can report this at any Garda station. We will take your statement immediately and with your consent, refer you to the services of the Irish Tourist Assistance Service.

Irish Tourist Assistance Service telephone number: 1890 365 700 or check out their website at www.itas.ie for more information.

If you report a crime to us that occurred outside Ireland we will forward the report without delay to the appropriate authority in the country where the crime occurred.

Garda Victim Service Office

Each Divisional Garda Victim Service Office, (GVSO), is open from 9.00am and 5.00pm Monday to Friday. All victims of crime will receive a follow-up contact from either the investigating member, GVSO or FLO as appropriate depending on the circumstances of the crime.

Want to know more about your case?

If you opt into the process, the first point of contact in all cases will be the investigating Garda. However, victims of crime may contact the Garda Victims Service Office dealing with their case.

Can I be accompanied by another person?

If you wish you can bring another person of your choice and a legal representative when you are making your report to An Garda Síochána. The only time that this cannot happen is where it is contrary to your own best interests, or it could hinder criminal proceedings.

Legal Advice

The Legal Aid Board gives legal aid and advice in civil cases to persons who cannot afford to pay. Most of their work is in the area of family law and domestic violence. They deliver their services through a network of full-time and part-time law centres throughout the country. These centres are staffed by their solicitors. They also contract private solicitors to provide services for them. They have an advice service for victims of rape and other serious sexual assault cases as well as trafficking cases. For more information contact:
Legal Aid Board
Head Office
Quay Street
Cahiriveen
Co. Kerry.
Tel: (066) 947 1000
Website: www.legalaidboard.ie

Asked to be a witness in court? How to get your expenses covered:

If a case in which you are involved in goes to court, An Garda Síochána is responsible for paying witnesses' expenses. This is the cost to you of coming to court to give evidence. These expenses may include the cost of travelling, meals and, in some cases, accommodation. The Garda Superintendent (District Officer) in the area where the case is being prosecuted will pay your expenses.

The Garda dealing with your case can handle this for you. He or she may ask you for receipts for your expenses. In some cases, you may be able to get an advance on expenses before the case so that you can travel to court.

Compensation

The Criminal Injuries Compensation Tribunal considers applications from people who suffer a personal injury or death as a result of a crime of violence. Compensation may be awarded on the basis of any vouched out of pocket expenses, including loss of earnings, experienced by the victim or, if the victim has died as a result of the incident, by the dependents of the victim. The incident in

which the injury was caused must have been reported to the Gardaí without delay.

Further information available at:
Criminal Injuries Compensation Scheme
Second Floor,
7-11 Montague Court,
Montague Street,
Dublin 2

Email: criminalinjuries@justice.ie

Restorative Justice Services

If you are a victim of crime and the offender is under 18 years of age, you could be invited to take part in a family conference where you could express your views and where they could be taken into consideration. For more information please see the Garda Youth Diversion Office page on the garda website www.garda.ie

Not doing our Job?

If you are not satisfied with our service - or if you have any questions, suggestions or feedback on any aspect of your treatment by members of An Garda Síochána please do not hesitate to contact your local Garda Superintendent or Garda Victim Service Office.

If you have a complaint about your service from any member of An Garda Síochána, you can contact:

Garda Síochána Ombudsman Commission
150 Abbey Street Upper, Dublin 1.
LoCall: 1890 600 800
Tel: (01) 871 6727
Fax: (01) 814 7023
Email: info@qsoc.ie
Website: www.gardaombudsman.ie

If you wish to comment on the service of the Office of the Director of Public Prosecutions during the criminal proceedings of your case, contact:
Office of the Director of Public Prosecutions,
Infirmary Road,
Dublin 7.
Tel: +353 (0)1 858 8500
Fax: +353 (0)1 642 7406

Irish Prison Service Victim Liaison Service

If a person is in custody having been convicted of committing a crime against you, you may request information from the Irish Prison Service Victim Liaison Officer in relation to significant developments relating to the person's case, on condition that you register to receive such information. For more details, see www.irishprisons.ie

Useful Websites to be aware of:

Garda Website

www.garda.ie

Victims of Crime Office

www.victimsofcrimeoffice.ie

Crime Victims Helpline

www.crimevictimshelpline.ie

Office of Director of Public Prosecutions

www.dppireland.ie

Irish Statue

www.irishstatutebook.ie

Courts Service

www.courts.ie

Legal Board

www.legalaidboard.ie

Irish Prison Victim Liaison Service

[www.irishprisons.ie/index.php/victim-](http://www.irishprisons.ie/index.php/victim-liason-service/victim-liason-service)

[liason-service/victim-liason-service](http://www.irishprisons.ie/index.php/victim-liason-service/victim-liason-service)

Health Service Executive

www.hse.ie

Tourist Assistance

www.itas.ie

For a full list of all Government Supported National Services and your local services, please visit;

<http://www.csvc.ie/en/csvc/NS/ALL>

Ainm an Gharda a Scríobh an Tuairisc:

Uimhir ghualainne _____

Stáisiún _____

Aonad _____

Coir a Tuairiscíodh _____

Oifig Áitiúil an Gharda um Sheirbhís d'Íospartaigh,

Teileafón & Ríomhphost:

Uimhir Theagmhais PULSE (má tá a leithéid ar fáil) _____

Ainm an Gharda Síochána
a Bileog Faisnéise
d'Íospartaigh

Chearta Íospartaigh

Más íospartach na coireachta thú tú i dteideal eolas, tacaíocht agus cosaint a fháil ó Ghníomhaireachtaí uile an Stáit i gCóras an Cheartais Choiriúil.

Cad is gá dom a dhéanamh?

Aon uair a insíonn tú don Gharda Síochána faoi choir, is cuma má bhíonn tú i d'íospartach nó i d'fhínné, iarrfaimid ort:

- An oiread eolais a chur ar fáil agus is féidir leat mar gheall ar an gcoir;
- Insint dúinn má tá aon ábhar inní atá agat faoi do shábháilteacht féin nó sábháilteacht do theaghlach, sa chaoi gur féidir linn comhairle chuí a thabhairt duit;
- Do shonraí teagmhála a thabhairt dúinn. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas an scéal is déanaí a thabhairt duit faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe;
- Nuashonraithe a thabhairt dúinn faoi aon athruithe eile - d'fhéadfadh sé tarlú gur thug tú faoi deara caillteanas nó damáiste eile ó thug tú tuairisc faoin gcion, nó d'fhéadfá a bheith ag fulaingt iarmhairtí breise de bharr gortaithe a d'fhulaing tú de bharr na coire nó d'fhéadfadh do shonraí teagmhála a bheith athruithe agat.

B'fhéidir gur mhaith leat breathnú ar a bhfuil againn sa chuid Ceisteanna Coitianta ag www.garda.ie chun léargas cuimsitheach a fháil ar an bpróiseas.

Más íospartach coireachta thú:

- **tabharfaimid freagra ar do thuairisc** trí imscrúdú a dhéanamh ar do ghearán;
- **tabharfaimid duit ainm, uimhir ghutháin agus stáisiún** an Gharda atá ag fiosrú an scéil mar aon leis an **uimhir theagmhais PULSE** - is í sin an uimhir a

thugtar do do theagmhas le gur féidir linn sonraí do cháis a fháil go tapa;

- **tabharfaimid eolas duit**, má iarrann tú é, faoi imeachtaí coiriúla a thionscnaítear de thoradh do ghearán agus féadfaidh tú faisnéis a fháil faoi aon chinneadh a dhéantar gan leanúint ar aghaidh le himscrúdú nó deireadh a chur le himscrúdú nó chun an ciontóir a ionchúiseamh. Áireofar leis sin am agus áit na trialach agus an cineál cúiseamh atá in aghaidh an chiontóir;
- **tabharfaimid eolas duit**, má iarrann tú é, faoi imeachtaí coiriúla a thionscnaítear de thoradh do ghearán agus féadfaidh tú faisnéis a fháil faoi aon bhreithiúnas deireanach i dtrial mar aon le faisnéis chun go bhféadfaidh tú a bheith ar an eolas faoi staid na n-imeachtaí coiriúla, ach amháin más rud é, i gcásanna eisceachtúla, go ndéanfaidh fógra den sórt sin dochar do láimhseáil chuí an cás;
- **tairgfimid an deis duit** go gcuirfead in iúl duit, gan moill neamhriachtanach, má éalaíonn duine nó má scaoiltear duine amach a cuireadh siar faoi choinneáil, nó ar ionchúisíodh nó ar gearradh pianbhreith air nó uirthi de bharr cionta coiriúla;
- **inseoimid duit, i scríbhinn, mar gheall ar an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta** agus faoi na seirbhísí eile atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta nó teagmhas trámach. Is féidir leat an líne chabhrach sin chun rochtain a fháil ar réimse leathan seirbhísí tacaíochta. Tá an líne chabhrach á reáchtáil ag oibríthe deonacha agus tá sí neamhspleách ar an nGarda Síochána, is í **116 006** an uimhir shaorghlao.

Léireoidimid íogaireacht ar leith maidir le cionta gnéis:

- Má iarrann tú é, cuirfidh ar fáil Garda den inscne chéanna a mhéid is indéanta;

- Fostófar dochtúir den inscne chéanna freisin ach d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ócáid ann nuair nach mbeadh sé sin indéanta;

- Tabharfaimid sonraí duit faoi aon eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh cionta gnéasacha.

Íospartaigh Linbh - caithfead le dínit le gach leanbh a thagann i dteagmháil le baill den Gharda Síochána, beag beann ar nádúr na teagmhála sin. Nuair is gá é déanfar thú a atreorú chuig TUSLA faoi mar atá molta i '**Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí**'.

Teaghlach daoine a dúnmharaíodh nó a maraíodh go neamhdhleathach - Ceapfar Oifigeach Idirchaidrimh Teaghlach an Gharda Síochána duit a bheid freagrach as idirchaidreamh leat le linn an imscrúdaithe. Cuirfidh an tOifigeach eolas tráthúil, cruinn ar fáil duit faoi dhul chun cinn imscrúdú an Gharda Síochána. Inseoidh siad duit sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh atá ann le tacaíocht a thabhairt duit.

Íospartaigh mí-úsáid teaghlach - Tá polasáil ar son gabhála againn i gcásanna mí-úsáide teaghlach agus cumhacht gabhála againn chun céilí nó páirtithe agus do theaghlach a chosaint. Cuirfidh comhairle ort faoi na bearta cosanta a fhéadfaidh tú a iarradh ó na cuairteanna agus faoi na seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.

Cosaint - Má tá tú féin, nó má tá daoine eile gar duit, ag fulaingt ciaptha nó faoi bhagairt ar bhealach ar bith le linn imscrúdaithe nó le linn duit bheith i láthair i gcúirt, ba cheart duit

teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí láithreach.

Daoine scothaosta - Más duine scothaosta thú a bhí i d'íospartach na coireachta leanfaimid orainn ag déanamh gach beart réasúnach chun thú a chosaint agus a chur ar do shuaimhneas. Tabharfaimid comhairle duit freisin faoi shlándáil bhaile agus faoi do shábháilteacht i measc an phobail.

Riachtanais Shonracha - Má tá tú faoi mhíchumas d'aon sórt cuirfimid riachtanais ar leith atá agat san áireamh. Cuir in iúl d'aon Gharda má tá aon riachtanas ar leith nó tacaíocht ar leith ann a mheasann tú a bheith riachtanach le cabhrú leis an nGarda Síochána chun seirbhís phóilíneachta a sholáthar duit

Pobail Leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha - Inseimid duit freisin, más cuí sin, faoi sheirbhísí Oifigeach Idirchaidrimh an Gharda Síochána don phobal Aerach.

Eachtraí ciníocha - Más íospartach thú de theagmhas ciníoch inseimid duit faoi sheirbhísí Oifigeach an Garda Idirchaidrimh Eitnigh i do cheantar.

An amhlaidh nach bhfuil Béarla agat? - Tá seirbhís aistriúcháin againn duit:

Daoine aonair neamhspleácha iad na hateangairí a fhostaíonn an Garda Síochána agus ní fostaithe na heagraíochta iad.

Cuirfimid seirbhís aistriúcháin ar fáil chun go bhfaighid tú an caighdeán seirbhíse céanna chomh fada agus is féidir is a fhaigheann aon íospartach eile na coireachta.

Tugann an **Coimisiún um Thacaíocht d'íospartaigh na Coireachta** (www.csvc.ie) tacaíocht d'eagraíochtaí a chuireann roinnt

seirbhísí ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Tacaíonn na heagraíochtaí sin le híospartaigh mhí-úsáide teaghlaigh, foréigean gnéasach, gáinneáil ar dhaoine,

mar aon le turasóirí agus leanaí atá ina n-íospartaigh na coireachta, le teaghlaigh na n-íospartach a maraítear agus le híospartaigh na coireachta i gcoitinne. I measc na seirbhísí a chuireann na heagraíochtaí sin ar fáil tá: -dul in éineacht leis an íospartach chun na cúirte; -eolas a thabhairt dóibh; -rochtain a thabhairt dóibh ar línte cabhrach agus; -tacaíocht mhothúcháin agus chomhairleoireacht a thairiscint dóibh.

Chomh maith le cabhair thiomnaithe na n-eagraíochtaí deonacha, bíonn réimse áiseanna agus tacaíochtaí ó ghníomhaireachtaí Stáit i réimse an cheartaigh choiriúil riachtanach d'íospartaigh na coireachta. Rud tábhachtach é d'íospartaigh is ea iad a choimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn na n-imscrúduithe coireachta, nósanna imeachta ionchúisimh, próisis chúirte agus cinntí agus saincheisteanna maidir le príosún agus cúrsaí promhaidh.

Má tá tú tagtha ar chuairt go hÉirinn, agus más íospartach na coireachta thú, is féidir leat tuairisc a thabhairt faoin gcoir ag aon stáisiún de chuid an Gharda Síochána. Tógfaimid do ráiteas láithreach agus má thoilíonn tú dó, déanfaimid thú a atreorú chuig an tSeirbhís Chúnaimh do Thurasóirí in Éirinn.

Is í 1890 365 700 uimhir ghutháin na Seirbhíse Chúnaimh do Thurasóirí in Éirinn nó féach ar a suíomh idirlín ag www.itas.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Má thugann tú tuairisc dúinn faoi choir a tharla lasmuigh d'Éirinn cuirfimid an tuarascáil ar aghaidh gan mhoill chuig an údarás cuí sa tír inar tharla an choir.

Oifig an Gharda um Sheirbhís d'íospartaigh Bíonn gach Oifig Rannóige an Gharda um Sheirbhís d'íospartaigh, (GVSO), oscailte ó 9.00am go 5.00pm ó Luan go hAoine. Déanfaidh an comhalta atá i mbun an imscrúdaithe, nó an GVSO nó an tOifigeach Idirchaidrimh Teaghlaigh, réir mar is cuí ag brath ar chúinsí na gcoireanna, teagmháil leantach le gach íospartach na coireachta.

An bhfuil tú ag iarraidh níos mó a fháil amach faoi do chás?

Má roghnaíonn tú páirt a ghlacadh sa phróiseas, is é nó í an Garda atá i mbun an imscrúdaithe a bheidh mar chéad phointe teagmhála agat. Mar sin féin, is féidir le híospartaigh na coireachta teagmháil a dhéanamh le hOifig Sheirbhíse an Gharda Síochána d'íospartaigh atá ag déileáil lena gcásanna.

An féidir liom duine eile a thabhairt in éineacht liom?

Is féidir leat duine eile de do rogha féin agus ionadaí dlíthiúil a thabhairt leat más mian leat é sin a dhéanamh nuair a bhíonn tú ag déanamh do thuairisce don Gharda Síochána. Ní féidir leat é sin a dhéanamh, áfach, dá mbeadh sé contrártha do do leas féin, nó dá bhféadfadh sé bac a chur ar imeachtaí coiriúla.

Comhairle Dlí

Cuireann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil cúnaimh dlí agus comhairle ar fáil i gcásanna sibhialta do dhaoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu íoc astu. Baineann an chuid is

mó dá gcuid oibre le réimse an dlí teaghlaigh agus le foréigean teaghlaigh. Cuireann siad a gcuid seirbhísí ar fáil trí líonra lárionad dlí, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, ar fud na tíre. Is iad na ndlíodóirí féin a bhíonn ag obair sna hionaid sin. Déanann siad conarthartha freisin le haturnaetha príobháideacha chun seirbhísí a sholáthar dóibh. Tá seirbhís chomhairleach acu d'íospartaigh éignithe agus do dhaoine a ndearnadh ionsaithe tromchúiseacha gnéis orthu chomh maith le daoine a ndearnadh gáinneáil orthu. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le: An Ard-Oifig, An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Sráid na Céibhe, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí. Teil: (066) 947 1000 Láithreán Gréasáin: www.legalaidboard.ie

Ar iarraidh a bheith i d'fhinné sa chúirt?

Conas a íocfar thú as do speansais:

Má théann cás a bhfuil tú páirteach inti chun na cúirte, beidh an Garda Síochána freagrach as costais fhinnéithe a íoc. Is é sin an costas a thabhaíonn tú ag teacht chun na cúirte chun fianaise a thabhairt. Féadfar a áireamh sna costais sin costas taistil, béilí agus, i gcásanna áirithe, lóistín. Iocfaidh Ceannfort Ceantair na nGardaí sa limistéar ina bhfuil an cás á ionchúiseamh as do chostais.

Déanfaidh an Garda atá ag déileáil le do chás é sin a láimhseáil ar do shon. Féadfaidh sé nó sí admhálacha do chostais a iarraidh ort. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeifeá coiriúla. Déanfaidh an Garda atá ag déileáil le do chás é sin a láimhseáil ar do shon. Féadfaidh sé nó sí admhálacha do chostais a iarraidh ort. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeifeá coiriúla.

Cúiteamh

Breithníonn An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla iarratais ó dhaoine a

d'fhulaing díobháil phearsanta nó bás mar gheall ar choir foréigin. Is féidir cúiteamh a dhámhadh ar bhonn aon chostais deimhnithe a d'íoc an t-íospartach féin astu, lena n-áirítear tuillimh a chaill an t-íospartach nó, más rud é go bhfuair an t-íospartach bás de thoradh na heachtra, tuillimh a chaill cleithiúnaithe an íospartaigh. Chaithfeadh sé gur tuairiscíodh an eachtra a ba chúis leis an díobháil do na Gardaí gan mhoill.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

An Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla,

An Dara hUrlár,
7-11 Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost: criminalinjuries@justice.ie

Seirbhís um Cheartas Aisiríoch

Más íospartach na coireachta thú agus má tá an ciontóir faoi 18 mbliana d'aois, d'fhéadfaí a iarraidh ort páirt a ghlacadh i gcomhdháil teaghlaiigh áit a bhféadfaí do chuid tuairimí a nochtadh agus d'fhéadfaí iad a chur san áireamh. Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar leathanach Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána ar shuíomh gréasáin na nGardaí www.garda.ie

Meas tú nach bhfuilimid ag déanamh ár Jab?

Mura bhfuil tú sásta lenár seirbhís - nó má tá aon cheist, moltaí nó aiseolas agat faoi aon ghné den chaoi ar chaith baill den Gharda Síochána leat ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le Ceannfort áitiúil na nGardaí nó le hOifig an Gharda um Sheirbhís d'Íospartaigh.

Má tá gearán agat faoin tseirbhís a fuair tú ó aon chomhalta den Gharda Síochána, is féidir leat dul i dteagmháil le:

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.
Íosghlao: 1890 600 800
Teil: (01) 871 6727
Facs: (01) 814 7023
Ríomhphost: info@qsoc.ie
Láithreán Gréasáin:
www.gardaombudsman.ie

Más mian leat trácht a dhéanamh ar sheirbhís Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le linn imeachtaí coiriúla do chás, déan teagmháil le: Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7.
Teil: +353 (0) 1 858 8500
Facs: +353 (0) 1 642 7406

Seirbhís Idirchaidreamh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann d'Íospartaigh

Má tá duine faoi choimeádatá ciontuithe as coir i do choinne, is féidir leat eolas a fháil ó Oifigeach Idirchaidrimh Phríosúin na hÉireann d'Íospartaigh maidir le forbairtí suntasacha a bhaineann le cás an duine sin, ar choinníoll go gcláraíonn tú chun faisnéis den sórt sin a fháil. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach www.irishprisons.ie

Láithreáin Ghréasáin úsáideacha ar fiú a bheith ar an eolas fúthu:

Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána
www.garda.ie
Oifig d'Íospartaigh na Coireachta
www.victimsofcrimeoffice.ie Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta
www.crimevictimshelpline.ie
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
www.dppireland.ie
Leabhar Reachtanna na hÉireann www.irishstatutebook.ie An tSeirbhís Cúirteanna www.courts.ie

An Bord um Chúnamh

Dlíthiúil www.legalaidboard.ie

Seirbhís Idirchaidreamh Phríosúin na hÉireann d'Íospartaigh

www.irishprisons.ie/index.php/victim-liason-service/victim-liason-service

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
www.hse.ie Cúnamh do Thurasóirí
www.itas.ie

Chun liosta iomlán a fháil de na Seirbhísí Náisiúnta go léir a fhaigheann tacaíocht ón Rialtas agus de na seirbhísí áitiúla, tabhair cuairt ar;

<http://www.csvc.ie/en/csvc/NS/ALL>